



## Preas Ráiteas Press Statement

### Torthaí Daonáirimh 2011

#### Próifíl 10 Ó Dhoras go Doras – Comaitéireacht in Éirinn

Scaoil an Phríomh-Oifig Staidrimh an foilseachán deiridh inniu ina sraith tuarascálacha próifíle ó Dhaonáireamh 2011, ag léiriú gur thaistil líon iomlán 1,136,615 duine, ag ionadú 69 faoin gcéad de chomaitéirí, chun na hoibre trí mheán gluaisteáin i mí Aibreáin 2011.

Léiríonn foilseachán an lae inniu, “*Próifíl 10 Ó Dhoras go Doras – Comaitéireacht in Éirinn*” [*Profile 10 Door to Door – Commuting in Ireland*], próifíl ar na patrún chomaitéireachta atá ag daonra na hÉireann agus clúdaítear modhanna taistil, amanna turais agus am imeachta le haghaidh oibrithe agus mic léinn araon.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: “Soláthraíonn an tuarascáil seo breis anailíse ar roinnt téamaí ríthábhachtacha sna tortaí ó Dhaonáireamh 2011. Déantar iniúchadh inti ar líon na gcomaitéirí, ag breathnú ar mhodhanna iompair, amanna imeachta agus an t-am a chaitear i mbun taistil d’oibrithe agus do mhic léinn araon.”

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census) mar aon leis na sonraí uile atá ar fáil i raon táblaí gréasáin idirghníomhacha, a cheadaíonn d’úsáideoirí a dtáblaí féin a thiomsú trí na sonraí ar spéis leo a roghnú agus iad a fósloidéil i bhformáid atá éasca le húsáid dá gcuid anailíse féin. I gcomhar leis an Ionad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO) tá sonraí daonáirimh achomair ar fáilanois i bhfoirm léarscáileanna téamacha i ndáil le Toghcheantair agus Ceantair Bheaga uile, lena n-áirítear uirlis léarscáile a léiríonn taisteal chun na hoibre na ndobharcheantar le haghaidh cathracha agus bailte móra in Éirinn. Chomh maith le scaoileadh na sonraí SAPS inár bhfeidhmchlár léarscáile nua atá éasca le húsáid, tugann na forbairtí nua seo na sonraí daonáirimh chun beogachta ar bhealach úr agus spleodrach, atá sorochtana do chách. Ní gá ach an nasc a leanúint ón suíomh gréasáin.

Mar fhocal scoir dúirt Ms Cullen “Soláthraíonn an tuarascáil seo forbreathnú ar phatrún chomaitéireachta mhuintir na hÉireann in 2011, ag cuimsiú níos mó anailíse agus tortaí fós ó Dhaonáireamh 2011 at an téama fiorthábhachtach seo.”

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath  
+353 1 498 4000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland

Dublin Office  
+353 1 498 4000

LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0870 876 0256 (UK/NI)  
+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555  
[information@cso.ie](mailto:information@cso.ie)  
[www.cso.ie](http://www.cso.ie)

## Buaicphointí na tuarascála

### Thiomáin beirt as gach triúr comaitéirí chun na hoibre in 2011

San iomlán bhí 1,136,615 duine, ag ionadú 69 faoin gcéad de chomaitéirí, a thiomáin chun na hoibre nó a bhí mar phaisinéir i ngluaisteán in 2011. Cuirtear é seo i gcomparáid le 498,646 duine nó 57 faoin gcéad de chomaitéirí i 1981.

### Úsáideoirí iompair phoiblí

Thit líon na gcomaitéirí ag baint úsáide as bus poiblí faoi 23,277 idir 2006 agus 2011, titim 20 faoin gcéad. Mhéadaigh líon na gcomaitéirí ag baint úsáide as traein, DART nó Luas go suntasach idir 1981 agus 2011. Thóg nach mór 40,000 níos mó duine traein chun na hoibre in 2011 ná mar a bhí i gceist 30 bliain ó shin, dúbailt ar an gcion comaitéirí ag baint úsáide as an traein ó 1.7 faoin gcéad go 3.2 faoin gcéad.

### Comaitéirí ag rothaíocht agus ag siúl chun na hoibre

Idir 2006 agus 2011 bhí méadú 9.6 faoin gcéad sa líon daoine ag rothaíocht ó 36,306 go 39,803. Ar an iomlán, shiúil 170,510 comaitéir chun na hoibre, ag seasamh le haghaidh 10.5 faoin gcéad de chomaitéirí uile in 2011.

### Níos mó tiománaithe gluaisteáin baineanna ná fireanna

Sháraigh líon na dtiománaithe gluaisteáin baineanna (551,638) líon na dtiománaithe gluaisteáin fireanna (515,813) i measc an phobail oibre don chéad uair, le seachtar as gach deichniúr ban ag tiomáint chun na hoibre in 2011, i gcomparáid le seisear as gach deichniúir comaitéirí fireanna.

Shiúil níos mó mná (96,796) ná fir (73,714) chun na hoibre. Fir ba ea tromlach na daoine sin ag rothaíocht le 29,075 (73%), le mná mar thromlach na gcomaitéirí iompair phoiblí (55.5%).

### Comaitéirí na Cathrach

Ba choitianta a bhí iompar poiblí (bus, mionbhus, cóiste, traein, DART agus Luas) i mBaile Átha Cliath, á n-úsáid ag 93,034 comaitéir (21.5%), i gcomparáid le 6.8 faoin gcéad i gCorcaigh, 6.4 faoin gcéad sa Ghaillimh, 4.4 faoin gcéad i Luimneach agus gan ach 1.8 faoin gcéad de chomaitéirí ina gcónaí i gceantair tuaithe.

Shiúil níos mó comaitéirí chun na hoibre sa Ghaillimh le 17 faoin gcéad ag siúl, i gcomparáid le 14.5 faoin gcéad i mBaile Átha Cliath agus i bPort Láirge agus gan ach 4.6 i gceantair tuaithe.

I gCorcaigh, i bPort Láirge agus i Luimneach bhrath os cionn 70 faoin gcéad de chomaitéirí ar ghluaisteán nó ar ghluaisrothar chun dul chun na hoibre, i gcomparáid le díreach 54.7 faoi gcéad i mBaile Átha Cliath. Ba choitianta a bhí rothaíocht chun na hoibre i mBaile Átha Cliath le 5.9 faoin gcéad, á leanúint ag an nGhaillimh ag 4.9 faoin gcéad.

### Amania Taistil

B'ionann an meán-am a caitheadh ag taisteal chun na hoibre in 2011 agus 26.6 nóiméad, laghdú ó 27.5 nóiméad taifeadta in 2006. Thaistil duine as gach deichniúir oibrithe le haghaidh 60 nóiméad nó níos mó in 2011, i gcodarsnacht le duine as gach ochtar oibrithe in 2006.

Is iondúil go dtógaíonn sé níos faide ar chion níos mór oibrithe atá ina gcónaí i gcontaetha atá laistigh d'achar comaitéireachta de Bhaile Átha Cliath a láthair fhostaíochta a bhaint amach. Bhí amanna taistil uair a' chloig nó níos faide chun na hoibre ag níos mó ná duine as gach seachtar comaitéirí ag maireachtáil i bhFionnghlas, Laois, an larmhí, an Mhí, Cill Dara agus Cill Mhantáin.

Chaith os cionn 6 faoin gcéad de dhaoine i mbun oibre a bhí ag maireachtáil i Laois 90 nóiméad nó níos mó ag comaitéireacht, le hamanna comaitéireachta os cionn uair a' chloig go leith ag taisteal chuig a láthair fhostaíocht ag 5 faoin gcéad d'oibrithe ag maireachtáil sa Longfort, sa Chabhán agus in Uíbh Fhailí.

Fuarthas na daoine sin le hamanna taistil de chuid 15 nóiméad nó níos lú go príomha i gCathair Phort Láirge, á leanúint ag Dún na nGall (42%), Ciarraí agus Maigh Eo (40% araon). Bhí an céadán is lú comaitéirí ag Cathair Bhaile Átha Cliath le hamanna taistil de chuid 15 nóiméad nó níos lú le líon íseal 18% de chomaitéirí.

B'ionann líon na dtuismitheoirí le páistí faoi bhun aois cúig bliana a chaith uair a' chloig nó níos mó ag comaitéireacht agus 35,345, as sin mná ba ea 13,032.

### **Am fágála an bhaile**

Bhí meán-am taistil chun na hoibre de chuid 42 nóiméad ag oibrithe ag fágáil don obair roimh 06:30 r.n. i mí Aibreáin 2006. Cúig bliana bhí an meán-am taistil comhfheagrach tite go 36 nóiméad. Mar sin féin, bhí amanna taistil comhchosúla i gcomparáid le 2006 ag comaitéirí ag fágáil ó 07:30 r.n. ar aghaidh in 2011, ag tógáil meán-aga thart ar 27 nóiméad sa tréimhse idir 07:30 agus 08:30 r.n.

Chonacthas difríochtaí in amanna imeachta na gcomaitéirí fireanna agus baineanna, toisc gurb iondúil gur thosaigh fir ar a dturas ag am níos luaithe, le 55.5 faoin gcéad de chomaitéirí fireanna ag fágáil roimh 08:00 r.n., i gcomparáid le 38.3 faoin gcéad d'oibrithe baineanna. Ba ghnách le mná oibre le páistí faoi bhun 18 mbliana d'aois fágáil níos déanaí ná comaitéirí baineanna eile.

### **Crios comaitéara Bhaile Átha Cliath**

B'ionann daonra oibre lae Chathair Bhaile Átha Cliath agus a bruachbhailte i mí Aibreáin 2011 agus 469,987, as sin bhí 177,764 ag comaitéireacht ó lasmuigh den cheantar chun oibre sa chathair, ag seasamh le haghaidh ceathrú de lucht saothair na cathrach. Tháinig an líon is airde comaitéirí ó Fhine Gall (27,064), á leanúint ansin ag Cill Dara (25,237), an Mhí (19,863) agus Cill Mhantáin (17,300). Cuimsíonn an ceithre chontae seo i dteannta a chéile 76 faoin gcéad d'oibrithe le turas comaitéireachta laethúil go Baile Átha Cliath acu.

Ar leibhéal na mbailte, b'é Sord is mó a chur le lucht saothair na cathrach, le 7,112 comaitéirí laethúla, á leanúint ag Bré (5,975), Cill Droichead (4,256), na Clocha Liatha (3,689) agus Mullach Íde (3,573). Thaistil nach mór 70 faoin gcéad de 117,764 comaitéirí Bhaile Átha Cliath i ngluaisteán, le 14 faoin gcéad eile ag baint úsáide as an traein agus 9 faoin gcéad ag baint leasa as seirbhísí bus.

An meán-am taistil a bhí ag na comaitéirí seo in 2011 ná 50 nóiméad, dúbailt nach mór ar an meán náisiúnta de chuid 26.6 nóiméad. D'fhág leath de chomaitéirí go Baile Átha Cliath dá láthair oibre roimh 07:30 r.n.

### **Oibrithe soghluaise agus Ag obair sa bhaile**

Léirigh os cionn 148,000 oibrí nach raibh aon láthair oibre seasta acu, meathlú 29 faoin gcéad ó 2006. Fostaithe ba ea os cionn leath (57%) d'oibrithe soghluaise le 43 faoin gcéad féinhostaithe.

Léirigh líon iomlán 83,326 duine gur oibrigh siad go príomha sa bhaile nó ón mbaile in 2011, laghdú ó 105,706 (21%) ó 2006.

Tuilleadh/...

## **Seisear as gach deichniúr páistí á dtiomáint chuig an mbunscoil**

San iomlán thaistil 296,711 (61%) de dhaltaí d'aois 5-12 bliana chun na scoile i ngluaisteán in 2011. Shiúil duine as gach ceathrar dalta bunscoile (118,523) ar scoil, i gcomparáid le leath de pháistí ag siúl chun na scoile i 1981. Thaistil duine as gach cúigear páistí i gceantair tuaithe ar an mbus, i gcomparáid le 7 astu siúd ina gcónaí i gceantair uirbeacha.

An meán-am taistil do dhaltaí bunscoile ba ea 11.6 nóiméad in 2011.

## **Gluaiseán ar an bpríomh-mhodh taistil do dhaltaí meánscoile**

Don chéad uair thaistil níos mó daltaí meánscoile chun na scoile i ngluaisteán ná mar a thaistil ar an mbus, le thart ar 40 faoin gcéad de dhaltaí (126,172) ag taistéal i ngluaisteán i mí Aibreáin 2011, i gcomparáid le 30 faoin gcéad (96,153) ar an mbus. Shiúil níos lú ná 74,000 daltaí meánscoile ar scoil in 2011, 28 faoin gcéad níos lú ná 15 bliana níos luaithe. Ar bhonn comhchosúil, tá meathlú tagtha ar líon na ndaltaí meánscoile ag rothaíocht ar scoil, ó bhuaicphointe 50,648 i 1986 go 6,592 in 2011, laghdú 87 faoin gcéad.

Bhí meán-am taistil de chuid 13.6 nóiméad ag daltaí meánscoile a thaistil chun na scoile le siúl na gcos, i gcomparáid le meán-am 14.4 nóiméad do phaisinéirí gluaiseáin agus meán-am 28.2 nóiméad i gceist le turais bhus.

## **Tiomáint chuig an gcoláiste leitheadach i measc na mac léinn tríu leibhéal**

Thaistil níos mó mic léinn chuig an gcoláiste mar thiománaithe gluaiseáin i gcomparáid le haon mhodh taistil eile in 2011. San iomlán, thiomáin 53,606 (29%) mic léinn chuig an gcoláiste in 2011, le 51,959 (28%) ag siúl agus 8,530 (5%) ag rothaíocht. Thaistil aon chíú de mhic léinn ag maireachtáil i mBaile Átha Cliath chuig an gcoláiste i ngluaisteán i gcomparáid le hos cionn 46 faoin gcéad de mhic léinn ag maireachtáil lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

## **Le haghaidh cóipeanna den fhoilseachán:**

Chun féachaint ar an bhfoilseachán agus é a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census).

## **Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:**

Shaun McLaughlin ar (01) 895 1474

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shoard, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facs: (01) 895 1399

R-phost: [census@cso.ie](mailto:census@cso.ie)

Idirlíon: [www.cso.ie](http://www.cso.ie)